



[Title]

Leagan	Dáta	Cruthaithe/Seiceáilte	Athbhreithnithe	Faofa
S3-P01	18/07/2022	Lori Keeve	Nora Rahill	

Clár Ábhar

1. Réamhrá	2
1.1. Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003	2
1.2. Scéim na Gaeilge GFGG 2022 - 2025	2
2. Cúlra na Gníomhaireachta	2
2.1. Comhthéacs	2
2.2. Feidhmeanna na Gníomhaireachta.....	3
2.3. Páirtithe Leasmhara Ghráinseach Ghormáin	3
3. Seibhísí a chuirtear ar fáil i nGaeilge, i mBéarla agus go Dátheangach	3
3.1. Ó Lá go Lá.....	3
3.2. Cumarsáid	4
3.3. Comharthaíocht	4
3.4. Foilseacháin	4
3.5. Stáiseanóireacht.....	4
4. Feabhas a Chur ar Sholáthar Seirbhíse Gaeilge	4
4.1. Oilúint agus Forbairt.....	4
4.2. Ardáin Dhigiteacha	5
4.3. Leasuithe ar Fhoilseacháin a Tháinig Roimh an Scéim Teanga.....	5
4.4. Éileamh a Mheasúnú	5
5. Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim Teanga	5
6. An Scéim a Phoibliú	5

1. Réamhrá

1.1. Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Is é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (an tAcht) úsáid na Gaeilge ag comhlachtaí poiblí a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuirtear feabhas ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge.

Ullmhaíodh an Scéim seo faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Forálann Alt 11 go n-ullmhaíonn comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

Tugtar breac-chuntas sa Scéim freisin ar na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go gcuirfead seirbhís ar bith, nach gcuireann an comhlacht poiblí ar fáil trí Ghaeilge, ar fáil laistigh de chreat ama comhaontaithe.

De réir ailt 14(3) den Acht beidh scéimeanna teanga i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndeimhneoidh an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta scéim nua, cibé acu is déanaí.

1.2. Scéim na Gaeilge GF GG 2022 - 2025

Tháinig GF GG faoin Acht go foirmiúil go déanach i mí an Mheithimh 2020. Mar sin, is í seo an chéad Scéim Gaeilge de chuid an GF GG. Dréachtaíodh é i gcomhréir le treoirlínte faoi alt 12 den Acht, arna n-eisiúint ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Tá na nithe seo a leanas mar bhonn eolais ag ábhar na Scéime:

- leibhéal éilimh bunúsach ar sheirbhísí ar leith trí mheán na Gaeilge,
- tábhacht atá le cur chuige réamhghníomhach i leith soláthar na seirbhísí sin, agus
- na hacmhainní, acmhainní daonna agus airgeadais san áireamh, agus ar acmhainneacht na Roinne an cumas teanga riachtanach a fhorbairt nó rochtain a dhéanamh air.

Tá sé mar aidhm ag ullmhú na Scéime seo a chinntiú go gcomhlíonann GF GG na hoibleagáidí ábhartha go léir faoin Acht agus go leagtar amach conas a dhéileálfar leis seo. Déanfaidh foireann chumarsáid agus an fhoireann bainistíochta shinsearach de chuid GF GG maoirseacht ar chur i bhfeidhm na Scéime.

2. Cúlra na Gníomhaireachta

2.1. Comhthéacs

Is gníomhaireacht reachtúil í Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GF GG) a bhunaigh Rialtas na hÉireann sa bhliain 2006 faoin Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 chun athfhorbairt a dhéanamh ar an 30 ha (73 acra) a bhíodh ar iar-thailte Ospidéal Naomh Breandán i Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath.

Is é misean GFGG ná pobal bríomhar a chothú i nGráinseach Ghormáin a chuimsíonn campas oideachais, sláinte agus pobail comhtháite agus cuimsitheach den chéad scoth. Bainfear é seo amach trí thimpeallacht thógtha a sheachadadh atá ag teacht le Máistirphlean Fís Ghráinseach Ghormáin.

Agus é sin á dhéanamh, tá fíis na Gníomhaireachta le haithint go háitiúil agus go hidirnáisiúnta mar eiseamláir d'athghiniúint uirbeach phobail, dírithe ar oideachas agus sláinte. Is iad comhoibriú, seachadadh dírithe, cáilíocht dearadh, sláine agus inbhuanaitheacht ár luachanna.

Cuimsíonn forbairt Ghráinseach Ghormáin roinnt tionscadal idirghaolmhar ar fud na n-earnálacha oideachais, sláinte agus pobail, lena n-áirítear:

- Gníomhaíochtaí OT Baile Átha Cliath i lár na cathrach a chomhdhlúthú isteach i gcampas uirbeach nua a thabharfaidh thart ar 22,000 mac léinn agus 2,000 ball foirne le chéile in aon áit amháin
- Seirbhísí meabhairshláinte agus cúraim sláinte pobail a athfhorbairt
- Taighde, nuálaíocht agus forbairtí tráchtála chun fostaíocht a chruthú
- Timpeallacht fhisiciúil fheabhsaithe le tréscailteacht fheabhsaithe, lena n-áirítear áiseanna spóirt agus áineasa, spásanna ealaíon agus cultúrtha
- Scoil náisiúnta nua a sheachadadh do D7 Ag Foghlaim Le Chéile

2.2. Feidhmeanna na Gníomhaireachta

Faoi Acht GFGG 2005 is iad seo a leanas feidhmeanna na Gníomhaireachta:

- Glac leis an suíomh agus le hairíonna eile
- Plean straitéiseach agus scéim pleanála a ullmhú
- Déan cinneadh ar straitéis soláthair chuí
- Dul i gcomhairle le heagraíochtaí ábhartha (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Cónaitheoirí, Cíosanna Poiblí, Córas Iompair Éireann (CIÉ)...))
- Socrú a dhéanamh maidir le straitéis chumarsáide
- Tógáil an champais a dhéanamh
- Iar-réadmhaoin ITBÁC a dhiúscairt
- Áiseanna nua a thabhairt chuig Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC roimhe seo)/ Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)/ An Roinn Oideachais & Scileanna (ROS) nuair a bheidh siad críochnaithe

2.3. Páirtithe Leasmhara Ghráinseach Ghormáin

Sainmhínítear príomhpháirtithe leasmhara GFGG in Acht GFGG 2005 mar an FSS, OT Baile Átha Cliath agus an pobal áitiúil. Bíonn GFGG ag idirghníomhú le líon mór páirtithe leasmhara taobh amuigh de sin, lena n-áirítear ranna Rialtais éagsúla, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ionadaithe poiblí, comhlachtaí poiblí eile agus an pobal i gcoitinne.

3. Seirbhísí a chuirtear ar fáil i nGaeilge, i mBéarla agus go Dátheangach

3.1. Ó Lá go Lá

Is é an Béarla teanga oibre chaighdeánach an GFGG, rud a léiríonn éilimh na heagraíochta agus teanga oibre na n-eagraíochtaí agus na bpobal lena n-oibríonn sí. Cuireann GFGG seirbhísí ar fáil go dátheangach i gcomhréir lena ndualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, áfach, agus tá na seirbhísí a bhaineann le

Seirbhís Aistriúcháin don Ghaeilge ar féidir léi leas a bhaint astu coinnithe aige de réir mar is gá.

3.2. Cumarsáid

Glacfaidh an GFGG gach beart réasúnach chun cabhrú le daoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh leo trí Ghaeilge mar seo a leanas:

- is i nGaeilge a thabharfar freagra ar chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge;
- foilseofar eochairdhoiciméid nua i nGaeilge agus i mBéarla araon;

3.3. Comharthaíocht

Tá gach comharthaíocht atá á coimisiúnú agus á cur isteach ag GFGG dátheangach, agus tá an téacs Gaeilge ar dtús agus chomh feiceálach, sofheicthe agus inléite leis an téacs Béarla, de réir na rialachán (I.R. Uimh. 391 de 2008).

3.4. Foilseacháin

Ó tháinig sé faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla in 2020, foilsíonn GFGG doiciméid thábhachtacha go comhuaineach i mBéarla agus i nGaeilge de réir fhorálacha alt 10. Is iad na croícháipéisí a foilsíodh ó shin ná Tuarascálacha Bliantúla GFGG, Ráitis Airgeadais san áireamh, agus a Ráitis Straitéise.

Tá na cáipéisí straitéise agus beartais atá ann roimh 2020 ar fáil i mBéarla amháin faoi láthair. Mar sin féin, foilseofar aon athbhreithniú ar na doiciméid seo, agus gach doiciméad beartais amach anseo go dátheangach. Tá preaseisiúintí GFGG, litreacha faisnéise, nuachtlitreacha agus ardáin dhigiteacha trí Bhéarla ach amháin má iarrtar a mhalairt.

3.5. Stáiseanóireacht

Tá teimpléid stáiseanóireachta GFGG dátheangach agus an téacs Gaeilge le feiceáil ar dtús, chomh feiceálach agus chomh hinléite leis an téacs Béarla agus an fhaisnéis chéanna á cur in iúl acu leis an téacs Béarla gan ghiorrúchán (ach amháin má bhíonn an dá cheann giorraithe).

4. Feabhas a chur ar Sholáthar Seirbhíse Gaeilge

4.1. Oiliúint agus Forbairt

Tá GFGG tiomanta a chinntiú sé go mbeidh deiseanna ag baill foirne a gcumas Gaeilge a fheabhsú. Moltar do bhaill foirne freastal ar ghnáthranganna Gaeilge am lóin saor in aisce OT Baile Átha Cliath chomh maith.

Spreagfar baill foirne a bhfuil roinnt cumais Ghaeilge acu chun úsáid a bhaint as na scileanna atá acu cheana féin agus chun cur leo.

Beidh an scéim seo ar fáil do gach ball foirne ar SharePoint chun a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi choimitmintí GFGG faoin reachtaíocht agus faoi dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt nó a fheabhsú.

4.2. Ardáin Dhigiteacha

Tá suíomh gréasáin GFGG i mBéarla ach tá teacht ar cháipéisí tábhachtacha, a foilsíodh go dátheangach ó 2020, trí Ghaeilge ar an suíomh. D'fhéadfadh go mbeadh deiseanna ann seirbhísí dátheangacha a mhéadú ar an ardán de réir mar a dhéantar an suíomh gréasáin a nuashonrú thar 2022 agus 2023.

Is trí Bhéarla go príomha atá ardáin meáin shóisialta an GFGG. Mar sin féin, tá deiseanna ann don GFGG poist Ghaeilge nó dhátheangacha a fhorbairt chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn tuilleadh.

4.3. Leasuithe ar Fhoilseacháin a Tháinig Roimh an Scéim Teanga

Beidh aon athbhreithniú ar fhoilseacháin atá ann cheana i nGaeilge agus i mBéarla agus foilseofar iad sa dá theanga go comhuaineach.

4.4. Éileamh a Mheasúnú

D'fhonn measúnú cruinn a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge, leanfaidh an Gníomhaireacht uirthi ag déanamh monatóireachta ar nósanna imeachta atá ann cheana féin maidir le hiarratais a dhéantar i nGaeilge.

5. **Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim Teanga**

Is cáipéis bheo í an Scéim agus déanfar athbhreithniú uirthi go rialta. Cuirfear tuarascálacha ar dhul chun cinn ar fáil go bliantúil do Bhord an GFGG agus don Choimisinéir Teanga.

Déanfaidh Foireann Corparáideach na Gníomhaireachta bainistiú ar oibriú laethúil na scéime agus áireofar leis faireachán leanúnach ar iarratais a dhéantar chuig an nGníomhaireacht ar sheirbhísí i nGaeilge.

6. **An Scéim a Phoibliú**

6.1. Cuirfidh an Gníomhaireacht an Scéim chun cinn trí na nithe seo a leanas:

- An Scéim a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin GFGG agus a roinnt go himmheánach leis an bhfoireann
- An tsuntasacht chéanna a thabhairt d'fhoilseacháin Ghaeilge agus d'fhoilseacháin Bhéarla
- An Scéim a scaipeadh ar eagraíochtaí Gaeilge agus ar chomhlachtaí poiblí ábhartha
- Fógra poiblí a chur ar fáil maidir le seirbhísí Gaeilge a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin GFGG de réir mar is cuí.